


# Conas Peer Parliament a óstáil: Do threoir céim ar chéim chun do ghrúpa a threorú trí dhíospóireacht faoin aeráid

**Tá díospóireacht, mar aon le gníomhaíocht, ríthábhachtach chun an ghéarchéim aeráide a réiteach.** Teastaíonn uainn go mbeidh daoine ar fud na hEorpa in ann idirghníomhú agus a gcuid smaointe, tuairimí agus a mbuaireamh faoin athrú aeráide a chur in iúl, ionas gur féidir linn foghlaim ó chéile agus réitigh a cheapadh a oibríonn do gach duine. Mar shochaí, caithfimid go léir dul i gcomhairle le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán is práinní dár nglúin. Seo duit anois do dheis!

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leat as obair dheonach a dhéanamh chun seisiún de chuid Peer Parliament a óstáil, ag tabhairt le chéile do chuid cairde, do mhuintir, do chomhghleacaithe agus do chomharsana chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna aeráide is práinní lenár linn. **Trí Peer Parliament a óstáil, tá tú mar chuid de thionscnamh ar fud na hEorpa chun daoine a chur ag caint ar an athrú aeráide.** Ligfidh na díospóireachtaí, atá á reáchtáil ar fud na mór-roinne, dúinn go léir ár gcuid smaointe a chur in iúl agus foghlaim ó chéile. An aidhm atá againn ná cabhrú leis an Eoraip a cuspóir a bhaint amach, is é sin a bheith ar an gcéad mhór-roinn, agus sochaí, aeráidneodrach ar domhan faoi 2050.

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Tabhair do d’aire go bhféadfadh an fhaisnéis atá sa doiciméad seo a bheith as dáta, ós rud é gur cruthaíodh í ar dtús in 2022.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d’fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

**PDF** ISBN 978-92-68-12266-2 doi:10.2834/257730 ML-02-24-098-GA-N

## Cuspóir

Is é cuspóir Peer Parliament ná teacht ar chomhchinneadh eolasach grúpa ar cheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le gníomhaíocht ar son na haeráide. Is féidir leat rogha a dhéanamh as raon roghanna freagartha, agus is féidir do chuid smaointe féin a mholadh. Soláthraímid ábhair atá éasca le léamh chun go mbeidh díospóireacht eolasach ann. Mar thoradh ar an idirghníomhú, le smaointe agus tuairimí bhaill uile an ghrúpa, beidh próiseas corraitheach foghlama ann le chéile, agus comhaontófar réitigh choitianta ar chuid de na ceisteanna is práinní lenár linn. Déanfar do ghlórtha agus do roghanna a roinnt agus a phlé le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara.

## Conas a dhéantar Peer Parliament a óstáil?

Tá sé éasca Peer Parliament a óstáil agus níl i gceist ann ach chúig chéim an-éasca. Cuideoidh an treoir céim ar chéim seo leat an plé a mhodhnú, agus a chinntiú gur féidir le gach duine a smaointe agus tuairimí a chur in iúl ar bhealach struchtúrtha. Thairis sin, tacóidh an treoir seo leat toradh soiléir a bhaint as do phlé.

**Baineann Peer Parliament le trí phríomhábhar:**




**I gcás gach ceann acu, tá ábhair ullmhaithe againn chun do phlé a threorú agus a stiúradh.** Tá dhá phríomhcheist i ngach ábhar agus roinnt réiteach féideartha do do ghrúpa chun díospóireacht a dhéanamh faoi. Cuideoidh na hábhair leat níos mó a fhoghlaim faoi gach ceann de na roghanna atá beartaithe, sula bpléifidh tú na buntáistí agus na míbhuntáistí. Ach, ar ndóigh, ní bhaineann sé leis an méid a mholaimidne amháin - ba mhaith linn cloisteáil uait! Cuir le do chuid smaointe, tuairimí agus réiteach féin le linn na díospóireachta.










**Nuair atá do ghrúpa tar éis foghlaim faoi na réitigh fhéideartha agus a dtionchar a phlé, is mithid vótáil.** Stiúrfaidh tú vóta grúpa, trí iarraidh ar gach ball den ghrúpa na roghanna éagsúla a rangú – ó na cinn is mó a dtacaíonn sibh leo, go dtí na cinn is lú a dtacaítear leo. I do cháil mar óstach, comhairfidh tú na vótaí, déanfaidh tú na torthaí a thaifeadadh agus roinnfidh tú do thaithí tríd an gComhshocrú Aeráide Eorpach.

Cé go gcuirimid roinnt treoirlínte ar fáil daoibh, tá sé i gceist gur gnáthchomhráite faoin aeráid iad Peer Parliaments, seachas díospóireachtaí foirmiúla. Ar an dóigh sin, is féidir a chinntiú go mbraitheann na haíonna ar a suaimhneas, rud a chinnteoidh go mbeidh plé níos fearr ann. **Chun tacú leat ina thaobh sin, tá struchtúr ullmhaithe againn le haghaidh Peer Parliament, rud a chabhróidh leat torthaí suimiúla agus lán brí a bhaint amach.**

## Cad iad na cúig chéim a bhaineann le Peer Parliament a óstáil?



### CÉIM a hAON: An t-ardán a réiteach

Baineann an chéad chéim le hullmhúchán a dhéanamh don díospóireacht sula dtosaíonn sí. Cabhróidh beagán ullmhúcháin leat chun go leanfaidh comhrá go réidh.

- **Bailigh do chuid aíonna:** Tabhair cuireadh do 5–10 nduine ar spéis leo plé a dhéanamh. D'fhéadfaidís a bheith go mór ar son na haeráide le fada an lá, nó d'fhéadfadh an t-ábhar a bheith go hiomlán nua dóibh. A mheasctha an grúpa, is spéisiúla a bheidh an plé. Féadfaidh tú cuireadh a thabhairt do do chairde, do do mhuintir, do do chomhghleacaithe, do do chomharsana – fútsa atá sé.
- **Roghnaigh láthair:** Ansin, smaoinigh ar áit chun an díospóireacht a reáchtáil. D'fhéadfadh sé a bheith ar an gcaife is gaire duit, i bpáirc áitiúil nó fiú i do sheomra suí. Déan cinnte go bhfuil do chuid aíonna compordach agus nach bhfuil an iomarca torainn sa chúlra – ba mhaith leat go n-éistfí le do chuid aíonna.
- **Déan réidh:** Cuirfimid **ábhair foghlama** ar fáil duit, ina bhfuil roinnt fíricí, figiúirí agus faisnéise ábhartha chun an díospóireacht a spreagadh. Déan cinnte go n-ullmhaíonn tú iad sin le go léifidh do chuid aíonna iad roimh ré – nó seol ar ríomhphost roimh ré iad. Más gá, is féidir iad a phriontáil, ach molaimid an leagan digiteach a úsáid.
- **Bí oscailte don chruthaitheacht:** Ba mhaith linn go ligfeadh do chuid aíonna lena smaointe! Is féidir leat cabhrú leo a bheith cruthaitheach trí phinn agus páipéar a sholáthar, chomh maith le roinnt sneaiceanna agus deochanna chun fuinneamh a choinneáil iontu.
- **Coinnigh súil ar an gclog:** Tá coimeád ama tábhachtach. Déan cinnte go leantar go réidh leis na díospóireachtaí trí na codanna éagsúla den díospóireacht a uainiú nó trí bhall de do ghrúpa a cheapadh chun cabhrú leat cloí leis an sceideal.



# CÉIM a DÓ:
# Fáilte agus réamhrá

15′

**Fáilte (thart ar 5 nóiméad)**

- Tá atmaisféar dearfach cairdiúil ríthábhachtach le go n-éireoidh le Peer Parliament – spreagfaidh sé plé níos beoga agus beidh torthaí níos fearr ann dá bharr. Cuir fáilte roimh do chuid aíonna agus déan cinnte go mbuaileann siad go léir le chéile. Ansin tabhair eolas dóibh faoi ábhar na díospóireachta agus faisnéis phraiticiúil faoin bplé.

**Réamhrá (thart ar 10 nóiméad)**

- **Cuir in iúl cuspóir an phlé** agus déan cinnte go mbíonn an tuiscint chéanna ag gach aoi. Mínigh cuspóir, sceideal agus struchtúr na díospóireachta, chomh maith le do ról mar óstach. Inis do na aíonna go mbeidh tú freagrach as an bplé a choinneáil gníomhach agus dírithe, agus as timpeallacht a chruthú ina mbeidh deis ag gach duine páirt a ghlacadh. Mínigh go mbeidh tú ag coinneáil ama agus ag cinntiú go mbainfear amach cuspóir na díospóireachta. Agus ná déan dearmad: is féidir leat páirt a ghlacadh sa díospóireacht agus vótáil freisin, díreach cosúil leis na haíonna eile.
- Cuir na sé **riail bhunúsacha díospóireachta** seo i láthair na n-aíonna.
  1. Bí cuiditheach, oscailte agus macánta.
  2. Ná labhair ach amháin nuair a bhíonn cead cainte agat.
  3. Cloígh leis an teorainn ama agus tú ag labhairt.
  4. Ba cheart do gach duine labhairt uair amháin ar a laghad. Spás sábháilte atá in Peer Parliaments chun smaointe a chur in iúl.
  5. Lig do dhaoine eile labhairt sula dtosaíonn tú féin ag labhairt.
  6. Éist le daoine eile agus bíodh meas agat ar éagsúlacht na dtuairimí sa ghrúpa. Níl aon fhreagra ceart, mícheart, maith ná olc ann.
- Leac an doichill a bhriseadh: Iarr ar do chuid aíonna iad féin a chur in aithne agus scéal spraíúil nó suimiúil a roinnt. Baineadh an scéal lena saol laethúil le déanaí, agus bíodh sé ceangailte le hábhar na díospóireachta (soghluaisteacht, fuinneamh nó tomhaltas).

45-60'

# CÉIM A TRÍ:
# Ceist díospóireachta 1

**FOGHLAIM:** Léigh an comhthéacs (ó na hábhair foghlama) agus foghlaim faoi na roghanna éagsúla (thart ar 15 nóiméad)

- Mar óstach, léigh an cheist agus na réitigh fhéideartha, agus seiceáil go bhfuil an fhaisnéis soiléir do gach duine. Míneofar na roghanna níos mionsonraithe sna codanna thíos.
- Féadfaidh tú a iarraidh ar bhall den ghrúpa an fhaisnéis chúlra ghinearálta a léamh os ard.
- Más gá, tabhair am do dhaoine an fhaisnéis níos sainiúla ar gach rogha a léamh.
- Iarr ar do chuid aíonna machnamh a dhéanamh ar aon bhuntáiste nó míbhuntáiste a fheiceann siad maidir le gach réiteach féideartha.

**PLÉIGH:** Déan an plé a mhodhnú agus éist le tuairimí gach duine (thart ar 30 nóiméad)

- Agus na haíonna go léir críochnaithe leis an léamh, cuir tús leis an bplé.
- Lig do gach duine labhairt ar a seal féin gan aon chur isteach. Ná glac le ráitis bhreise go dtí go mbíonn gach aoi tar éis labhairt.
- Úsáid na ceisteanna treorach seo a leanas:
    - Cé acu de na ceithre rogha a thugtar is fearr leat? Cén ceann is lú a thaitníonn leat? **Cén fáth?**
    - An féidir leat smaoineamh ar bhealaí breise chun neodracht aeráide a bhaint amach sa réimse seo? Conas a dhéanfá cur síos ar rogha bhreise (an cúigiú) rogha?
- Luaigh smaointe breise a thagann aníos sa phlé agus lig don ghrúpa cinneadh a dhéanamh ar an smaoineamh ba mhaith leo a chur leis an vóta (le cur isteach mar "Option E"). Mura bhfuil comhaontú soiléir ann, vótáil ar na tograí éagsúla trí chomhaireamh lámh.

**VÓTÁIL:** Maoirsigh an nós imeachta vótála (thart ar 15 nóiméad)

- Nuair a bheidh deireadh leis an bplé, fógraigh go bhfuil sé in am cinneadh a dhéanamh ar rangú deiridh do ghrúpa. Is féidir leat an nós imeachta vótála a thuairiscítear anseo a úsáid, ach tá cead agat meicníocht éagsúil cinnteoireachta a roghnú.
- Iarr ar gach aoi **an scór is airde a thabhairt don rogha is fearr leo (cúig phointe)**, ceithre **phointe ar an dara rogha is fearr leo**, agus mar sin de, go dtí go dtugtar pointe amháin don rogha is lú is fearr leo.
- Iarr ar do chuid aíonna páipéir bhallóide a chomhlánú (ag deireadh na treorach) nó bailigh na scóir uathu tú féin. Mar óstach, is fútsa atá sé na vótaí a chomhaireamh agus an scór iomlán do gach rogha a bhreacadh síos ar bhileog na scór. Ansin ba cheart duit rangú foriomlán deiridh an ghrúpa ar na roghanna go léir a bhreacadh síos agus a fhógairt.
- Má tá an líon céanna pointí ag dhá rogha, iarr taispeántas tapa lámh chun a dhéanamh amach cé acu ceann is fearr.

# CÉIM A CEATHAIR:
## Ceist díospóireachta 2

45-60′

Déan na gnéithe de Chéim a Trí in athuair (FOGHLAIM, PLÉ, VÓTÁIL), an uair seo ag díriú ar Cheist díospóireachta 2.



15′

# CÉIM A CÚIG: Cuir isteach na torthaí agus tabhair chun críche iad

Comhghairdeas – tá sár-jab déanta agat mar óstach! Glac grianghraf grúpa nó fiú taifead físeán gairid ar do ghuthán agus gabh díreach ar aghaidh chuig ”Go raibh míle maith agaibh agus slán go fóill.“ Nó, is féidir leat na torthaí a uaslódáil le chéile mar seo a leanas.

## Comhroinn torthaí an ghrúpa (thart ar 10 nóiméad)

- Téigh chuig suíomh gréasáin an Chomhshocraithe Aeráide agus **comhroinn do thaithí**. Pléifear do chuid vótaí agus smaointe le lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara na hEorpa.
- Cuir daoine i do líonra ar an eolas faoi do thaithí agus faoi do thorthaí. Comhroinn pictiúr grúpa nó fiú físeán de do Pharlaimint Piaraí trí na meáin shóisialta, trí úsáid a bhaint as na haischlibeanna #EUClimatePact agus #PeerParliaments.

## Go raibh maith agaibh agus slán (thart ar 5 nóiméad)

- Gabh buíochas le gach duine sa ghrúpa as an obair luachmhar agus geall dóibh go n-éistfear a gcuid vótaí agus smaointe. Más mian le d’aíonna fanacht ar an eolas faoi thorthaí Pharlaimintí na bPiaraí — nó más mian leo a gcuid féin a eagrú — inis dóibh **tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an Chomhshocraithe Aeráide Eorpaigh**.
- Is féidir leat freisin **na smaointe a phléigh tú le linn na Parlaiminte Piaraí** a roinnt agus páirt a ghlacadh i bplé breise faoin bhfís atá agat do bheartais aeráide Eorpacha amach anseo le daoine ó gach cearn den Eoraip, ag imeachtaí éagsúla le lucht déanta beartas, saoránaigh agus páirtithe leasmhara, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus Eorpach.

## Ballots for question 1

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

## Score sheet

| Option | Points | Rank |
|---|---|---|
| A | | |
| B | | |
| C | | |
| D | | |
| E | | |

## Ballots for question 2

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

| Points | Option |
|---|---|
| 5 points | |
| 4 points | |
| 3 points | |
| 2 points | |
| 1 point | |

## Score sheet

| Option | Points | Rank |
|---|---|---|
| A | | |
| B | | |
| C | | |
| D | | |
| E | | |